**Réamhrá**

Is é atá beartaithe sa scéim seo ná go ndéanfar oibreacha ar shuíomh Fholcadáin Dhún Laoghaire chun go leanfar úsáid phoiblí an limistéir. Beartaítear go gcoinneofar agus go ndaingneofar an Pailliún Folcadán atá ann cheana féin mar spásanna d'ealaíontóirí, caife gailearaí agus áiseanna leithris don phobal. Tá sé beartaithe freisin go mbainfear na struchtúir a bhfuil drochbháil orthu ar chúl an Phailliúin chun go gcruthófar bealach nua agus tírdhreachú a nascfaidh an siúlbhealach ag Baile Nua Mhic Gabhann leis an gCé Thoir agus le Páirc an Phobail araon. Faoi dheireadh, beartaítear síneadh de thart ar 50m amach chun na farraige a chur leis an bpíobán sceite uisce stoirme ag Faiche Bhaile Nua Mhic Gabhann (díreach ina aice leis na Folcadáin), na linnte sáile atá ann cheana féin a líonadh isteach agus saoráidí nua snámha agus cé ghearr a chruthú chun go mbeidh rochtain níos fearr ag daoine ar chiumhais an uisce.

I ndiaidh do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarratas ar chead faoin Acht Imeall Trágha 1933 (arna leasú) a dhéanamh, mhol an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil di cóipeanna de léarscáileanna, tuarascálacha, pleananna agus léaráidí a chur ar fáil lena n-iniúchadh i Stáisiún Dhún Laoghaire na nGardaí ar Ascaill na Carraige, Dún Laoghaire. Beidh siad ar fáil lena n-iniúchadh ar feadh 21 lá oibre. Féadfar aighneachtaí agus uiríll maidir le ceadúnas a dheonú a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 21 lá oibre ón bhfógra a bheith seolta chuig an Aonad Imeall Trá den Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Co. Loch Garman nó ag foreshore@environ.ie. Cuirfear agóidí agus uiríll ar aghaidh chuig an gComhairle d'fhonn barúlacha a fháil sula ndéanfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil aon chinneadh.

Má thabharfar cead, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil iarratas Chuid 8 maidir leis na hoibreacha molta ar shuíomh na bhfolcadán, de réir Alt 179 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), agus de réir na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001–2012.



Fíor 1: Amharc ón Aer den scéim mholta

**An Láithreán a Mheas agus Straitéis Forbartha**

Ba é John Crosthwaite a thóg na chéad Folcadáin lastoir den Ché Thoir in 1843 agus tugadh 'The Royal Victoria Baths' orthu. Cheannaigh Comhairle Ceantair Uirbigh Kingston láithreán na bhfolcadán in 1896. Fostaíodh an comhlacht Alexander Fraser chun na folcadáin nua a thógáil ar láithreán an lae inniu. Cuireadh na hoibreacha sin i gcrích in 1908 agus is ionann a raibh ann ansin agus a bhfuil ann inniu ar an mórgóir. Cuireadh feabhas ar na folcadáin sna 1930idí agus cuireadh síneadh leo agus bhí siad in úsáid i bhformáidí éagsúla go dtí gur dúnadh iad go luath sna 1990idí.

Tá an láithreán le feiceáil go soiléir ó Chuas an Ghainimh, Baile Nua Mhic Gabhann agus ón gCé Thoir agus d'fhéadfaí an siúlbhealach ag Baile Nua Mhic Gabhann a nascadh leis an gCé Thoir agus le Páirc an Phobail araon. Tá an láithreán ar fhána, áfach, ag féachaint siar ó thuaidh. Ní bhíonn mórán gréine ann agus d'fhéadfadh sé a bheith oscailte in aimsir ghaofar nó nuair atá an fharraige garbh. Toisc go bhfuil sé ar thalamh ard tá leathanradharc ar Bhá an Albanaigh as. Mar thoradh air sin, ó thaobh na staire de, baineadh úsáid as an láithreán mar Bhataire Míleata a raibh baint aige leis an Túr Martello i bPáirc an Phobail a leagadh ó shin. Is éard a fionnadh ó imscrúduithe tosaigh ná cé go maireann giotaí agus seanchlocha den Bhataire, tógadh anuas é agus bhí sé cuimsithe isteach in ionad na bhFolcadán.

Féachann straitéis forbartha láithreán na bhFolcadán le:

- Pailliún agus láithreán na bhFolcadán atá ann cheana agus nach bhfuil oscailte don phobal faoi láthair a dhaingniú.
- Na struchtúir a bhfuil drochbháil orthu a bhaint agus bealach nua agus an tírdhreachú a bhaineann leis a chruthú chun an siúlbhealach ag Baile Nua Mhic Gabhann a nascadh leis an gCé Thoir agus le Páirc an Phobail araon.
- Áiseanna snámha níos fearr agus rochtain níos fearr ar an uisce a chur ar fáil.

**An Togra Deartha**

**An Pailliún Folcadán atá ann cheana féin a choinneáil agus a dhaingniú.**

Coinneofar an Pailliún Folcadán chomh maith le cró beag, déanfar iad a dhíonadh ar an aimsir agus daingean agus bainfear na cróite a bhfuil drochbhail orthu taobh thiar den Phailliún agus in aice leis. Tá sé beartaithe go bhfeisteofar an Pailliún chun go mbeidh spás stiúideo ann le haghaidh ealaíontóirí agus chun gailearaí agus caifé a chur ar fáil. Cuirfear an bunbhealach isteach ar Ardán Windsor ar ais mar rochtain ar na Folcadáin. Beidh an áit caifé amuigh, nasctha leis an gcaifé nua, ina áit suí tharraingteach chun amhairc, ithe agus scíthe. Tá sé beartaithe freisin go gcruthófar saoráidí leithris nua don phobal ar leibhéal na sráide a mbeidh rochtain orthu freisin d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Cruthóidh na húsáidí agus na feabhsúcháin nua beocht agus cuirfidh siad saoráidí breisithe ar fáil don phobal, agus, mar aon le Páirc an Phobail atá cóngarach agus Céim 1 de Thionscadal na Ráillí a cuireadh i gcrích le déanaí, cuirfidh siad go léir leis na bealaí siúil bunaithe ar Bhaile Nua Mhic Gabhann agus Bóthar na Banríona.



Fíor 2: Amhairc ar an mbealach nua a nascfaidh an Ché Thoir le Baile Nua Mhic Gabhann.

**Bealach nua chun an Ché Thoir a nascadh le Baile Nua Mhic Gabhann**

Éascóidh na hoibreacha seo, ina mbainfear na struchtúir a bhfuil drochbháil orthu, le bealach nua a chur ann do choisithe a nascfaidh an siúlbhealach ag Baile Nua Mhic Gabhann leis an gCé Thoir. Beidh an siúlbhealach seo ag leibhéal a chruthóidh siúlóid shlán shábháilte as a bheith leathanradharc ar Bhá an Albanaigh. Léireoidh formáid na siúlóide seo an bhunlíne chladaigh chreagach agus ailíniú stairiúil an tsean-bhataire gunnaí a bhí ar an láithreán seo ar dtús. Beidh pointí suí agus amhairc ar an siúlbhealach chun gaol an láithreáin seo leis an Túr Martello i gCuas an Ghainimh agus an teach solais ar an gCé Thoir a léiriú.

Déanfar an talamh taobh leis an siúlbhealach a ath-ghrádú chun gur féidir limistéir féir a chur a chruthódh nasc, ó thaobh téama de, idir an Pháirc i mBaile Nua Mhic Gabhann agus Gairdíní na Mara a théann chuig an gCé Thoir. Beartaíonn an scéim freisin go ndéanfar athchóiriú ar an ngaiséabó beag stairiúil atá ar an siúlbhealach seo. Mar thoradh ar bhaint na seanfhoirghneamh agus ar athghrádú na talún, titfidh níos mó gréine ar an gcosán agus cruthófar limistéar deas maoirsithe chun siúil.



Fíor 3. Amhairc ar an ardán banna ceoil nua athchóirithe ar an mbealach nua a nascfaidh an Ché Thoir le Baile Nua Mhic Gabhann agus an 'áit chaifé amuigh'

**Saoráidí Snámha Nua**

Cruthófar cé agus limistéar gléasta nua chun rochtain níos fearr ar an uisce a chur ar fáil do shnámhaithe agus chun áit a chur ar fáil do chadhcanna agus canúnna teacht i dtír. Beidh staighre nua ann chun an ché a nascadh leis an 'áit chaifé amuigh' ag Pailliún na bhFolcadán agus leis an bpointe trasnaithe do choisithe a théann chuig Páirc an Phobail. Beidh an ché nasctha freisin leis na cosáin uasghrádaithe a thabharfaidh rochtain ar an gCé Thoir. Beartaítear go ndéanfar na linnte sáile atá ann faoi láthair a líonadh isteach agus go gcoinneofar rochtain ar an uisce. Breathnófar freisin ar cé chomh hindéanta agus a bheadh sé scairdeáin uisce a chur sa limistéar seo.

Mar chuid de na hoibreacha ag Folcadáin Dhún Laoghaire, beartaítear go gcuirfear síneadh de thart ar 50m. amach chun na farraige leis an bpíobán sceite uisce stoirme ag Faiche Bhaile Nua Mhic Gabhann (díreach ina aice leis na Folcadáin). De ghnáth, cuirtear an píobán sceite seo i bhfeidhm cúig huaire sa bhliain ar feadh 60 nóiméad in aghaidh na huaire agus ceapadh é chun cosaint shuntasach ar thuilte a thabhairt do shráidbhaile Ghlas Tuathail le linn tréimhsí báistí troime. Beidh píobán sceite nua faoin talamh le tógáil mar chuid den síneadh seo a aistreoidh ábhar doirte ón imeall trá (uisce dromchla, den chuid is mó, a chuaigh isteach sa chomhchóras le linn tréimhsí báistí troime). Toisc gur píobán faoin talamh a bheidh ann, ní bheidh sé le feiceáil le linn rabhartaí agus ceapfar é de réir cheanglais 'Procedures and Criteria in relation to Storm Water Overflows' de chuid na Roinne Comhshaoil. Cuirfidh na bearta seo feabhas mór ar an limistéar do shnámhaithe.



Fíor 4. Amhairc ar na hoibreacha as an gcaladh nua beartaithe.